C/2026/4915

13.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4915)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Chapon du Périgord’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-01377-AM01 — 25.6.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Chapon du Périgord’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Eagraíocht

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an TGFC ‘Chapon du Périgord’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Sonraí teagmhála

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála INAO cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Leasaíodh an tuairisc ar an táirge sa tsonraíocht táirge. Sonraíodh gur crua atá na pórtha a fhásann go mall as a dtagann 'Chapon du Périgord'. Cuireadh mionsonraí faoin gcraiceann agus cosa bána nó buí isteach freisin.

Baineadh an t-idirdhealú idir cineálacha póir bunaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil an bia bán (an muineál neamhnocht) nó buí (an muineál nocht), agus is é an príomhphointe an ceanglas a choinneáil maidir le pórtha a fhásann go mall a úsáid.

Áiríodh meáchan 2,6 kg i gcás cábúin 'métifet' (leathullmhaithe).

Leathnaíodh roghanna pacáistíochta chun freastal ar fhorbairtí teicneolaíochta amach anseo.

Sonraíodh go n-aicmítear conablaigh agus gearrthacha in aicme A.

Cuireadh gibléid úra nó reoite (croí, ae, eagaois) leis na táirgí is féidir a mhargú faoin ainm 'Chapon du Périgord'.

Cuireadh íosmheáchan 90 % de na conablaigh dhí-innithe gan ghibléid isteach le haghaidh éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh chun úsáid mhaith a bhaint as gearrthacha ó éanlaith chlóis a chomhlíonann an tsonraíocht.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sainiú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Tugadh an liosta bardas cothrom le dáta chun é a thabhairt i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025 gan an limistéar táirgeachta a athrú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Scriosadh an léaráid inrianaitheachta toisc nach soláthraítear aon fhaisnéis bhreise léi. Tá go leor faisnéise sa tábla.

Tugadh an roinn seo i gcomhréir leis na leasuithe a rinneadh ar an tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

— Fo-cheannteideal 5.1 Saolré táirge

Scriosadh an léaráid maidir le saolré táirge toisc nach soláthraítear aon fhaisnéis bhreise léi.

— Fo-cheannteideal 5.2 Beostoc

Sonraíodh go bhfuil na pórtha a úsáidtear crua agus go bhfásann siad go mall. Baineadh an tréith maidir le muineál nocht/neamhnocht, mar aon leis an liosta pórtha inúsáidte agus an ceanglas atá ar an mbord bainistíochta úsáid póir atá crua agus a fhásann go mall agus nach luaitear sa tsonraíocht a fhormheas.

Cuireadh isteach toirmeasc ar ola pailme a úsáid i mbeatha na gcábún.

Laghdaíodh na céimeanna beathaithe le haghaidh cábún ó cheithre cinn go trí cinn mar thoradh ar dheireadh a chur leis na dátaí aistrithe idir fás agus bailchríochnú, rud a fhágann go bhfuil níos mó solúbthachta ann chun an fhoirmle bheatha a choigeartú. Déanfar an meánchion gránach sa chiondáil a ríomh anois ar bhonn ualaithe thar an gcéim fáis ar fad.

Sonraíodh nach mór cóireálacha antaibheathach a theorannú do na cóireálacha sin a bhfuil géarghá leo chun sláinte mhaith na n-ainmhithe a thabhairt ar ais.

Cuireadh isteach foráil lena gceanglaítear fuinneoga agus haistí a bheith feistithe ar thithe na gcearc.

Ní mór do phearsanra a bhfuil taithí acu an coilleadh a dhéanamh.

Laghdaíodh an t-achar clóis íosta do chábúin atá suas le 91 lá d'aois ó 4 m^2/éan go 2 m^2/éan i gcomhréir leis an dlús le haghaidh sicíní.

Sonraíodh an líon crann agus tor sa chlós (ceann amháin ar a laghad in aghaidh gach 150 éan).

Cuireadh tréimhse 7 lá oibre isteach idir aistriú na héanlaithe clóis agus glanadh/dífhabhtú theach na gcearc.

Tugtar mionsonraí maidir le fad na tréimhse branraithe, lena léirítear go sonrach go bhféadfar í a laghdú go 12 lá ar choinníoll gur faide ná 42 lá fad iomlán na dtrí thréimhse bhranraithe dheireanacha.

— Fo-cheannteideal 5.3 Coinníollacha maidir le haistriú agus iompar chuig an seamlas

Baineadh an t-uas-aga neamhfhónaimh 6 uair an chloig roimh mharú.

Cuireadh isteach fo-cheannteideal 5.4 Táirgeadh gibléad. Tá forálacha ann maidir leis na coinníollacha chun gibléid a ullmhú i seamlais.

— Fo-cheannteideal 5.5 Táirgí gearrtha a ghearradh agus a chur i láthair

Cuireadh síneadh leis an tréimhse idir marú agus gearradh.

— Fo-cheannteideal 5.6 Pacáistiú agus cur i láthair táirgí úra

Leathnaíodh roghanna pacáistíochta chun freastal ar fhorbairtí teicneolaíochta amach anseo.

— Fo-cheannteideal 5.7 Reo táirgí

Cuireadh síneadh leis an tréimhse idir marú agus reo.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise ar an nasc leis an tionscnamh geografach

Tuairisc

Athscríobhadh an roinn seo chun an teorainn 2 500 focal sa doiciméad aonair a chur san áireamh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú

Tuairisc

Rinneadh lógó roghnach de lógó an ghrúpa chun freastal ar éagsúlacht mhéideanna na pacáistíochta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Tugadh na príomhphointí atá le seiceáil i gcomhréir leis na leasuithe atá beartaithe ar an tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Chapon du Périgord’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-01377-AM01 — 25.6.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Chapon du Périgord’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 - FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is éan é ‘Chapon du Périgord’ a bhfuil craiceann agus cosa bána nó buí air, éan a dhíorthaítear ó phórtha crua a fhásann go mall.

Is sicín fireann é a coilleadh trí obráid sular bhain sé aibíocht ghnéasach amach. Tógtar é ar feadh 150 lá ar a laghad, lena n-áirítear céim ramhraithe dheiridh. Táirgeann sé conablach iomlán le híosmheáchan 3,0 kg le haghaidh an leagain chóirithe, 2,6 kg le haghaidh an leagain ‘métifet’ (leathullmhaithe) agus 2,5 kg le haghaidh an leagain ‘réidh le cócaráil’, a chuirtear i láthair mar aicme A.

Is éan ramhar é le haghaidh ócáidí féiltiúla, le maiseanna matáin an-fhorbartha, maothlacha dáilte go cothrom ar chnámharlach caol. Nochtann an craiceann, atá an-tanaí agus a bhfuil dath domhain buí nó bán air, cumhdach saille fo-chraicní substaintiúil. Tá saill ionmhatánach ar a dtugtar 'marmarach' ag na maiseanna matáin uile.

Is féidir é a dhíol úr nó reoite, mar chonablach nó gearrthacha. Cuirtear i láthair é lena dhíol gan phacáistíocht nó i bpacáistíocht chosantach.

Díoltar gibléid (croí, ae, eagaois) úr nó reoite.

Cuirtear na conablaigh i láthair mar seo a leanas:

— conablaigh chóirithe (cábúin chluimhrithe dhí-innithe, agus an ceann, na cosa agus na gibléid orthu);

— conablaigh atá 'réidh le cócaráil' (cábúin chluimhrithe, dhí-innithe, gan an ceann orthu agus an tarsas orthu nó gan bheith orthu);

— Conablaigh 'métifet' nó 'méti-fait' (cábúin chluimhrithe dhí-innithe, an tarsas orthu nó gan bheith orthu, agus an ceann fillte faoi na sciatháin).

Déantar conablaigh iomlána agus gearrthacha a chóiriú go han-chúramach agus tá siad saor ó loirg.

Ní mór do chonablaigh agus gearrthacha na critéir seo a leanas maidir le cur i láthair a chomhlíonadh:

— Is in aicme A atá na conablaigh a dhíoltar ina n-iomláine.

— Comhlíonann na gearrthacha na critéir maidir le cur i láthair le haghaidh aicme A agus féadfaidh siad teacht ó chonablaigh aicme A nó ó chonablaigh a bhfuil loirg bheaga orthu, ag a bhfuil íosmheáchan 90 % de na conablaigh dhí-innithe nach bhfuil gibléid orthu.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn tógáil agus marú sa limistéar geografach.

D'fhorbair agus chaomhnaigh seamlais Périgord fios gnó sonrach a chuireann le clú an táirge agus le cáilíocht deiridh an táirge a chuirtear i láthair, go háirithe cur i láthair an leagain 'méti-fait'.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór gearradh agus pacáistiú a dhéanamh ar an láthair mharaithe. Fágann sé sin gur féidir na próisis sin a dhéanamh de réir oird, gan dochar a dhéanamh do cháilíocht na feola, ar táirge leochaileach í, nuair a dhíoltar úr í, a mheathlaíonn go tapa nuair a dhéantar teagmháil le haer.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Anuas ar an bhfaisnéis shainordaitheach a éilítear faoi na rialacha ar lipéadú agus cur i láthair ábhar bia, ní mór ainm cláraithe an táirge agus lógó ATFC de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith le feiceáil ar an lipéadú sa réimse amhairc céanna.

Féadfaidh an lógó coiteann a bheith ar lipéid a chuirtear ar fáil do gach oibreoir a chomhlíonann an tsonraíocht táirge.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn Dordogne: na bardais uile;

Roinn Charente:

bardais iomlána: Aubeterre-sur-Dronne, Bardenac, Bazac, Bellon, Blanzaguet-Saint-Cybard, Boisné-La Tude, Bonnes, Bors (Canton de Tude-et-Lavalette), Brie-sous-Chalais, Chalais, Charras, Cherves-Châtelars, Combiers, Courgeac, Courlac, Curac, Deviat, Dignac, Ecuras, Edon, Eymouthiers, Feuillade, Fouquebrune, Grassac, Gurat, Juignac,

Laprade, Le Lindois, Les Essards, Lésignac-Durand, Magnac-lès-Gardes, Mainzac, Marthon, Massignac, Mazerolles, Médillac, Montboyer, Montbron, Montemboeuf, Montignac-le-Coq, Montmoreau, Mouzon, Nabinaud, Nonac, Orgedeuil, Orival, Palluaud, Pillac, Poullignac, Rioux-Martin, Ronsenac, Rouffiac, Rougnac, Roussines, Rouzède, Saint-Adjutory, Saint-Avit, Saint-Germain-de-Montbron, Saint-Martial, Saint-Quentin-de-Chalais, Saint-Romain, Saint-Séverin, Saint-Sornin, Salles-Lavalette, Sauvagnac, Sers, Souffrignac, Torsac, Vaux-Lavalette, Verneuil, Villebois-Lavalette, Vitrac-Saint-Vincent, Vouthon agus Yviers;

Roinn Charente-Maritime:

bardais iomlána: Boresse-et-Martron, Boscamnant, Cercoux, Clérac, La Barde, La Clotte, La Genétouze, Le Fouilloux, Montguyon, Neuvicq, Saint-Aigulin, Saint-Martin-d'Ary, Saint-Martin-de-Coux agus Saint-Pierre-du-Palais;

Roinn Corrèze, ach amháin i gcás na mbardas seo a leanas:

Aix, Alleyrat, Altillac, Ambrugeat, Auriac, Bassignac-le-Bas, Bassignac-le-Haut, Bellechassagne, Bonnefond, Bort-les-Orgues, Bugeat, Camps-Saint-Mathurin-Léobazel, Champagnac-la-Prune, Chavanac, Chaveroche, Chirac-Bellevue, Clergoux, Combressol, Confolent-Port-Dieu, Couffy-sur-Sarsonne, Courteix, Darazac, Darnets, Davignac, Espagnac, Eygurande, Feyt, Goulles, Gourdon-Murat, Grandsaigne, Gros-Chastang, Gumond, Hautefage, La Chapelle-Saint-Géraud, La Roche-Canillac, Lafage-sur-Sombre, Lamazière-Basse, Lamazière-Haute, Lapleau, Laroche-près-Feyt, Latronche, Laval-sur-Luzège, Lestards, Liginiac, Lignareix, Marcillac-la-Croisille, Margerides, Maussac, Mercœur, Merlines, Mestes, Meymac, Millevaches, Monestier-Merlines, Monestier-Port-Dieu, Neuvic, Palisse, Péret-Bel-Air, Pérols-sur-Vézère, Peyrelevade, Pradines, Reygade, Rilhac-Xaintrie, Roche-le-Peyroux, Saint-Angel, Saint-Bonnet-les-Tours-de-Merle, Saint-Bonnet-près-Bort, Saint-Cirgues-la-Loutre, Saint-Étienne-aux-Clos, Saint-Étienne-la-Geneste, Saint-Exupéry-les-Roches, Saint-Fréjoux, Saint-Geniez-ô-Merle, Saint-Germain-Lavolps, Saint-Hilaire-Foissac, Saint-Hilaire-Luc, Saint-Julien-aux-Bois, Saint-Julien-le-Pèlerin, Saint-Martin-la-Méanne, Saint-Merd-de-Lapleau, Saint-Merd-les-Oussines, Saint-Pantaléon-de-Lapleau, Saint-Pardoux-la-Croisille, Saint-Pardoux-le-Neuf, Saint-Pardoux-le-Vieux, Saint-Paul, Saint-Privat, Saint-Rémy, Saint-Setiers, Saint-Sulpice-les-Bois, Saint-Victour, Sainte-Marie-Lapanouze, Sarroux - Saint Julien, Sérandon, Servières-le-Château, Sexcles, Sornac, Soudeilles, Soursac, Tarnac, Thalamy, Toy-Viam, Ussel, Valiergues, Veyrières agus Viam;

chomh maith leis sin, cé is moite den chuid sin de bhardas Argentat-sur-Dordogne nach gcumhdaítear léi ach críoch bhardas tarmligthe Saint-Bazile-de-la-Roche;

Roinn Gironde:

bardais iomlána: Abzac, Belvès-de-Castillon, Bossugan, Camps-sur-l'Isle, Caplong, Castillon-la-Bataille, Chamadelle, Civrac-Sur-Dordogne, Coubeyrac, Coutras, Doulezon, Eynesse, Flaujagues, Francs, Gardegan-et-Tourtirac, Gensac, Gours, Juillac, La Roquille, Le Fieu, Les Artigues-de-Lussac, Les Eglisottes-et-Chalaures, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Les Peintures, Les Salles-de-Castillon, Ligueux, Lussac, Margueron, Montagne, Mouliets-et-Villemartin, Néac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Pineuilh, Porchères, Puisseguin, Pujols, Puynormand, Rauzan, Riocaud, Saint-André-et-Appelles, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Sainte-Colombe, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Radegonde, Sainte-Terre, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Quentin-de-Caplong, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Vincent-de-Pertignas, Tayac agus Vignonet;

Roinn Haute-Vienne, ach amháin i gcás na mbardas seo a leanas:

Arnac-la-Poste, Azat-le-Ris, Balledent, Bellac, Berneuil, Bessines-sur-Gartempe, Blanzac, Blond, Breuilaufa, Chamboret, Châteauponsac, Cieux, Compreignac, Cromac, Dinsac, Dompierre-les-Églises, Droux, Folles, Fromental, Gajoubert, Jouac, La Bazeuge, La Croix-sur-Gartempe, Le Buis, Le Dorat, Les Grands-Chézeaux, Lussac-les-Églises, Magnac-Laval, Mailhac-sur-Benaize, Montrol-Sénard, Mortemart, Nantiat, Nouic, Oradour-Saint-Genest, Peyrat-de-Bellac, Rancon, Razès, Saint-Amand-Magnazeix, Saint-Bonnet-de-Bellac, Saint-Georges-les-Landes, Saint-Hilaire-la-Treille, Saint-Junien-les-Combes, Saint-Léger-Magnazeix, Saint-Martial-sur-Isop, Saint-Martin-le-Mault, Saint-Ouen-sur-Gartempe, Saint-Pardoux-le-Lac, Saint-Sornin-la-Marche, Saint-Sornin-Leulac, Saint-Sulpice-les-Feuilles, Tersannes, Thouron, Val d'Issoire, Val-d'Oire-et-Gartempe, Vaulry, Verneuil-Moustiers agus Villefavard;

Roinn Lot-et-Garonne:

bardais iomlána: Agmé, Agnac, Allemans-du-Dropt, Allez-et-Cazeneuve, Anthé, Armillac, Auriac-sur-Dropt, Baleyssagues, Beaugas, Beaupuy, Bias, Birac-sur-Trec, Blanquefort-sur-Briolance, Boudy-de-Beauregard, Bourgougnague, Bourlens, Bournel, Brugnac, Cahuzac, Calonges, Cambes, Cancon, Casseneuil, Castelmoron-sur-Lot, Castelnaud-de-Gratecambe, Castelnau-sur-Gupie, Castillonnès, Caubon-Saint-Sauveur, Caumont-sur-Garonne, Cavarc, Cazideroque, Clairac, Condezaygues, Coulx, Courbiac, Cuzorn, Dévillac, Dolmayrac, Doudrac, Douzains, Duras, Escassefort, Esclottes, Fauguerolles, Fauillet, Ferrensac, Fongrave, Fourques-sur-Garonne, Fumel, Gavaudun, Gontaud-de-Nogaret, Grateloup-Saint-Gayrand, Hautesvignes, La Sauvetat-du-Dropt, La Sauvetat-sur-Lède, Labretonie, Lacapelle-Biron, Lacaussade, Lachapelle, Lafitte-sur-Lot, Lagruère, Lagupie, Lalandusse, Laparade, Laperche, Laussou, Lauzun, Lavergne, Le Mas-d'Agenais, Le Temple-sur-Lot, Lédat, Lévignac-de-Guyenne, Longueville, Loubès-Bernac, Lougratte, Marmande, Masquières, Mauvezin-sur-Gupie, Mazières-Naresse, Miramont-de-Guyenne, Monbahus, Monclar, Monflanquin, Monségur, Monsempron-Libos, Montagnac-sur-Lède, Montastruc, Montauriol, Montaut, Montayral, Monteton, Montignac-de-Lauzun, Montignac-Toupinerie, Monviel, Moulinet, Moustier, Pailloles, Pardaillan, Parranquet, Paulhiac, Peyrière, Pinel-Hauterive, Pujols, Puymiclan, Puysserampion, Rayet, Rives, Roumagne, Saint-Antoine-de-Ficalba, Saint-Astier, Saint-Aubin, Saint-Avit, Saint-Barthélemy-d'Agenais, Saint-Colomb-de-Lauzun, Sainte-Bazeille, Sainte-Colombe-de-Duras, Sainte-Colombe-de-Villeneuve, Sainte-Livrade-sur-Lot, Sainte-Marthe, Saint-Étienne-de-Fougères, Saint-Étienne-de-Villeréal, Saint-Eutrope-de-Born, Saint-Front-sur-Lémance, Saint-Georges, Saint-Géraud, Saint-Jean-de-Duras, Saint-Martin-de-Villeréal, Saint-Martin-Petit, Saint-Maurice-de-Lestapel, Saint-Pardoux-du-Breuil, Saint-Pardoux-Isaac, Saint-Pastour, Saint-Pierre-sur-Dropt, Saint-Quentin-du-Dropt, Saint-Sernin, Saint-Vite, Salles, Samazan, Sauveterre-la-Lémance, Savignac-de-Duras, Savignac-sur-Leyze, Ségalas, Sembas, Sénestis, Sérignac-Péboudou, Seyches, Soumensac, Taillebourg, Thézac, Tombeboeuf, Tonneins, Tourliac, Tournon-d'Agenais, Tourtrès, Varès, Verteuil-d'Agenais, Villebramar, Villeneuve-de-Duras, Villeneuve-sur-Lot, Villeréal, Villeton agus Virazeil;

Roinn Lot, ach amháin i gcás na mbardas seo a leanas:

Bagnac-sur-Célé, Béduer, Bessonies, Camboulit, Camburat, Capdenac, Cuzac, Faycelles, Felzins, Figeac, Fons, Fourmagnac, Gorses, Labastide-du-Haut-Mont, Ladirat, Latronquière, Lauresses, Lentillac-Saint-Blaise, Linac, Lissac-et-Mouret, Lunan, Montet-et-et-Bouxal, Montredon, Planioles, Prendeignes, Sabadel-Latronquière, Saint-Cirgues, Saint-Félix, Saint-Hilaire, Saint-Jean-Mirabel, Saint-Médard-Nicourby, Saint-Perdoux, énaillac-Latronquière, Sousceyrac-en-Quercy, Terrou agus Viazac.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☑ cáilíocht shonrach

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc le tionscnamh 'Chapon du Périgord' nasctha lena cháil agus le cáilíocht an táirge, a bhuí leis an modh tógála agus le fios gnó na bpóraitheoirí, a scaipeann gránaigh shlánghráinneacha ar bhruscar na tuí agus, thar aon ní eile, aiste bia atá bunaithe ar chiondáil nach mór dhá ghrán agus forbhia cré (beintinít) a bheith ann.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá an limistéar geografach suite i gcúinne thiar theas na Fraince, i roinn Dordogne den chuid is mó.

Is fairsinge mhór bunchnoc é an limistéar seo de Périgord, ar fána i dtreo soir ó thuaidh agus siar ó dheas de ghnáth. Chruthaigh an iliomad sruthchúrsaí a shreabhann tríd an limistéar líonra gleannta beaga toisc go dtagann siad ar bhacainní i bhfoirm carraigeacha. Tá treoshuíomh agus próifíl éagsúil ag na gleannta sin ach tá siad ar cheann de phríomhghnéithe struchtúracha thírdhreach Périgord. Ní sholáthraíonn ach na gleannta, atá lán le tuiltreach, na dálaí cearta chun gránaigh a fhás. Úsáidtear leicne na gcnoc, a bhíonn géar agus faoi chrainn go minic, go príomha le haghaidh feirmeoireacht stoic.

Mar thoradh ar an gcastacht gheolaíoch tá líon mór fosuithe mianra ann (iarann, ór, aolchloch, caoilín). Déantar cuid díobh sin a bhaint chun cré úcaire a tháirgeadh ina bhfuil beintinít agus montmairíllinít, a bhfuil airíonna sonracha aici.

Tá aeráid an limistéir gheografaigh measartha go haonfhoirmeach, den chineál 'aigéanach modhnaithe'. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé faoi réir chóras aimsire aigéan an Atlantaigh Thuaidh ach go bhfuil tionchar soiléir ag aeráidí ilchríochacha agus Meánmhara araon air.

Tá saothrú arbhair Indiaigh forleathan ar fud an limistéir gheografaigh. Saothraítear gránbharr tuí go forleathan; cruithneacht bhog agus triteacál is mó atá ann.

I dtéarmaí tosca daonna, tháinig borradh faoin bpórú éanlaithe clóis sa 14ú haois in Périgord.

Níor chruthaigh Périgord cáil mar limistéar táirgeachta éanlaithe clóis go dtí an 19ú haois, cé gur choinnigh táirgeadh éanlaithe clóis a charachtar traidisiúnta teaghlaigh.

Cruthaíodh an chéad 'Syndicat de défense du Poulet Fermier du Périgord' in 1953. Ina rialachán teicniúil ón am sin, tugadh tuairisc ar conas éanlaith chlóis a thógáil 'de réir na gcleachtas feirmeoireachta a úsáidtear in Périgord'.

Spreag fás agus tóir an tsicín feirmeoirí éanlaithe clóis Périgord chun táirgeadh éanlaithe clóis a leathnú le haghaidh ócáidí féiltiúla bunaithe ar fhios gnó traidisiúnta réigiún Périgord.

Lean tógáil cábún na cleachtais chéanna a bhaineann le tógáil sicíní: pórtha 'crua agus a fhásann go mall' atá oiriúnach lena dtógáil taobh amuigh agus lena n-úsáidtear cleachtais feirmeoireachta níos luaithe ná sin.

Cruthaíodh go raibh fios gnó maidir le beathú an-oiriúnach chun síneadh a chur le tréimhse thógála na sicíní sin agus iad a ramhrú. Mar a tharla níos luaithe, scaipeann feirmeoirí Périgord roinnt dornán gránaigh shlánghráinneacha ar an mbruscar i dtithe na gcearc gach lá. Tá sé sin sa bhreis freisin ar chiondáil na ngránach arna bhforlíonadh le beintinít, cré a bhfuil cáil uirthi in Périgord mar gheall ar na tairbhí díleácha a bhaineann léi d'éanlaith chlóis.

Sainiúlacht an táirge

Is éan ramhar é 'Chapon du Périgord' le haghaidh ócáidí féiltiúla, ina bhfuil maiseanna matáin an-fhorbartha, maothlacha. Tá saill ionmhatánach ar a dtugtar 'marmarach' ag na maiseanna matáin uile agus tá saill fho-chraicneach shubstaintiúil iontu.

Déantar conablaigh iomlána a chóiriú go han-chúramach agus tá siad saor ó loirg.

Nasc cúisíoch

Mar gheall ar a aeráid aigéanach shéimh agus a airde íseal go meánach, soláthraíonn an limistéar geografach dálaí idéalacha d'fheirmeoireacht éanlaithe clóis.

Úsáidtear na gleannta atá lán le tuiltreach chun gránaigh a fhás. Úsáidtear leicne na gcnoc, a bhíonn géar agus faoi chrainn go minic, le haghaidh clóis éanlaithe clóis.

D'eascair an cleachtas maidir leis na gránaigh sin a úsáid sa bheatha as a n-úsáid sheanbhunaithe, thráthrialta agus chruthaithe i gcórais uainíochta barr fheirmeacha Périgord. Soláthraíonn gránaigh próifíl chothaitheach shonrach agus an-chothrom le haghaidh fhás agus ramhrú na héanlaithe clóis.

Tá áit ghustalach ag arbhar Indiach, a shaothraítear go forleathan, i measc na ngránach a úsáidtear: fágann easpa crotal go bhfuil sé níos éasca an grán a dhíleá agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé níos éasca é a ionsú. Mar gheall ar an gcion ard saille agus stáirse atá ann, is gránach an-ardfhuinnimh é, rud atá an-oiriúnach chun éin atá feolmhar nó fiú ramhar a tháirgeadh.

Déantar an bheatha a fhorlíonadh go rialta le cré (beintinít). Áirithítear leis sin éin an-sláintiúil agus dálaí comhshaoil níos fearr i dtithe na gcearc, rud a spreagann fás níos cothroime agus níos comhsheasmhaí sna héin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an rogha sin ó fheirmeoirí Périgord. Mínítear forbairt matán agus cumhdach saille 'Chapon du Périgord', a phóraítear ó phór a fhásann go mall agus a bhfuil tréimhse thógála an-fhada aige.

Is é an toradh a bhíonn ar an mbeatha uile a fhorlíonadh le beintinít go n-ionsúitear bia ar bhealach níos fearr ar feadh shaol an éin. Cuireann an t-ionsú méadaithe sin forbairt níos fearr ar gach fíochán chun cinn, go háirithe matáin, agus dáileadh saille níos fearr. Mar thoradh air sin, tá cion saille ionmhatánaí 'marmarach' agus leibhéal an-ard de chion saille fo-chraicní i gconablaigh 'Chapon du Périgord'.

Baineann an cleachtas sin leis an traidisiún roinnt dornán gránaigh shlánghráinneacha a scaipeadh ar bhruscar na tuí i dtithe na gcearc gach lá. San am a chuaigh thart, chuir an cleachtas traidisiúnta sin ar chumas na mban feirme teacht le chéile i dteach na héanlaithe clóis, rud a neartaigh an nasc idir feirmeoirí agus a n-éin. Spreag sé instinn na sicíní freisin chun bia a phiocadh agus breathnú thart ina dhiaidh sin sna clóis. Bíonn gníomhaíocht choirp níos mó mar thoradh ar iompraíocht den sórt sin, rud a fhágann go bhforbraítear matáin níos mó, agus go ndáiltear saill níos fearr timpeall na matán.

Cuidíonn sé freisin le feidhm eagaoise a spreagadh ó aois óg agus ar an gcaoi sin cuidíonn sé le feabhas a chur ar ionsú na gcomhpháirteanna beatha a chuireann le forbairt maise matán.

Thairis sin, spreagann sé sicíní chun leanúint de bheith ag scríobadh ag an mbruscar tuí. Cuidíonn sé sin leis an tuí a aeráil agus é a choinneáil tirim ar feadh tréimhse níos faide, agus fad tógála na n-éan sin á chur san áireamh.

Tá an nós laethúil sin de scríobadh agus d'iompú an bhruscair thar a bheith tábhachtach do na cábúin, i bhfianaise na tréimhse fada tógála don éanlaith sin le haghaidh ócáidí féiltiúla, a chríochnaíonn i limistéar gaibhniúcháin. Trí bheith ar bhruscar tuí an-ghlan laistigh de theach na gcearc ag deireadh na tréimhse ramhraithe, cuidítear leis na héin cluimhreach den scoth a fhorbairt. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca cluimhriú a dhéanamh, rud a fhágann go gcuirtear conablaigh iomlána i láthair ar ardchaighdeán, go háirithe an leagan traidisiúnta áitiúil 'méti-fait'.

Déanann tógáil saor-raoin ar chlóis a bhíonn géar agus faoi chrainn go minic difear freisin do shaintréithe ar leith 'Chapon du Périgord'. Táirgtear cnámha láidre a ligeann d'fhorbairt mhór maise matáin le haghaidh ceathrúna agus filléad.

Maidir le 'Chapon du Périgord', spreagann an tréimhse ramhraithe i dtithe na gcearc forbairt saille ionmhatánaí a thugann uigeacht 'mharmarach' shainiúil d'fheoil an chábúin.

Thug La Mazille, cócaire cáiliúil ón réigiún, tuairisc ar na gnéithe sin uile in 1929 ina bailiúchán d'oidis áitiúla: 'Ceann de na príomhchúiseanna le sármhaitheas éanlaith chlóis Périgord is ea an bealach a ndéantar iad a bheathú agus a ramhrú le harbhar Indiach.'

Bunaíodh cáil 'Chapon du Périgord' freisin sa 19ú haois agus reáchtáladh na comórtais den chéad uair in Dordogne in 1862 agus ansin sna ranna comharsanacha uile (Limoges in 1862, Agen in 1863 agus Niort in 1866). Ba iad feirmeoirí ó Perigord na príomhbhuaiteoirí.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-1b17cf06-1719-415e-b369-7536b0a23c57